RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1050 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Bealtaine 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí barraí treisiúcháin de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ('an Bunrialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. An t-imscrúdú roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1019 [2], d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí barraí agus slat coincréite treisithe áirithe ('barraí treisiúcháin') de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, tabharfar 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta air.

(2) Is é 10.6 % an dleacht frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le hallmhairí ó Phoblacht na Bealarúise ('an Bhealarúis' nó 'an tír lena mbaineann').

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(3) Tar éis d'fhógra a bheith foilsithe maidir le dul in éag atá le tarlú [3], fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(4) Chuir Comhnaidhm Eorpach an Tionscail Cruach ('Eurofer' nó 'an t-iarratasóir') an iarraidh ar athbhreithniú éaga ('an iarraidh') isteach an 16 Márta 2022 thar ceann thionscal barraí treisiúcháin an Aontais de bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán, a bhfuil níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais aige. Bhí an iarraidh bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfaí den dumpáil agus go gcuirfí tús arís leis an díobháil do thionscal an Aontais de thoradh dhul in éag na mbeart.

1.3. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

(5) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 15 Meitheamh 2022 maidir le teacht isteach san Aontas na n-allmhairí barraí treisiúcháin de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* [4] ('an Fógra Tionscnaimh').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1019 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí barraí agus slat coincréite treisithe áirithe de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise (IO L 155, 17.6.2017, lch. 6).

([3]) Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca leis na bearta frithdhumpála (IO C 372, 16.9.2021, lch. 9).

([4]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí barraí de thionscnamh Phoblacht na Bealarúise (IO C 231, 15.06.2022, lch. 21).

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(6) An t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go gcuirfear tús léi arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go gcuirfear tús léi arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(7) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na hiarratasóirí, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, an táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta eile agus údaráis na Bealarúise, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta ar an eolas go sonrach maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(8) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.6. **An tír ionadaíoch**

(9) I gcomhréir le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán, ó tharla nach bhfuil an Bhealarúis ina comhalta de EDT agus gur liostaítear í in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), ní mór an gnáthluach a chinneadh ar bhonn an phraghais nó luacha ríofa i dtír ionadaíoch iomchuí.

(10) D'fhonn comhoibriú a lorg ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin i dtír ionadaíoch iomchuí, de bhun Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le táirgeoirí féideartha barraí treisiúcháin atá lonnaithe sa Bhoisnia agus san Heirseagaivéin, sa Chóiré Theas, sa Phoblacht Dhoiminiceach, san Eilvéis, san Iorua, sa Tuirc, sna Stáit Aontaithe (SAM) agus san Afraic Theas. Ní bhfuair sé freagra ach ó tháirgeoir amháin atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(11) In éagmais comhoibriú ó aon táirgeoir atá lonnaithe i dtír ionadaíoch ionchasach eile, chinn an Coimisiún an gnáthluach a chinneadh ar bhonn na faisnéise a fuarthas ón táirgeoir sin i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán, cuireadh páirtithe ar an eolas agus tugadh 10 lá dóibh barúil a thabhairt ar rogha Stáit Aontaithe Mheiriceá a bheith mar thír ionadaíoch iomchuí. Ní bhfuarthas aon bharúil ó pháirtithe leasmhara.

1.7. **Sampláil**

(13) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.7.1. *Sampláil tháirgeoirí an Aontais*

(14) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus raon geografach á chur san áireamh. Trí tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí sa sampla atá freagrach as breis agus 17 % de mhéid iomlán na táirgeachta agus na ndíolachán measta i gcás an táirge chomhchosúil san Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil, dá bhrí sin deimhníodh an sampla sealadach.

([5]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33).

1.7.2. *Sampláil na n-allmhaireoirí*

(15) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhghaolmhar an fhaisnéis a iarradh agus níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

1.7.3. *Sampláil na dtáirgeoirí sa Bhealarúis*

(16) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir sa Bhealarúis an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Phoblacht na Bealarúise chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(17) Níor tháinig ach táirgeoir barraí treisiúcháin amháin ón mBealarúis, Byelorussian Steel Works ('BMZ'), chun tosaigh. Dá bhrí sin, níor ghá sampláil a dhéanamh.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir**

(18) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig trí tháirgeoir sampláilte de chuid an Aontais, chuig an iarratasóir, BMZ agus chuig an táirgeoir comhoibríoch sa tír ionadaíoch. Cuireadh na ceistneoirí ar fáil ar líne ([6]) lá an tionscnaimh.

(19) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó thrí tháirgeoir shampláilte san Aontas, ón iarratasóir agus ón táirgeoir i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(20) Níor sholáthair BMZ freagra ar an gceistneoir agus, dá bhrí sin, measadh nach raibh sé ag comhoibriú leis an gCoimisiún in imscrúdú an athbhreithnithe éaga seo.

(21) Dá réir sin, in éagmais comhoibriú ó tháirgeoir de chuid na Bealarúise, chuir an Coimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm agus bhunaigh sé a thorthaí in imscrúdú an athbhreithnithe éaga ar na fíorais a bhí ar fáil.

1.9. **Fíorú ar an láthair**

(22) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá agus d'fhíoraigh sí í chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus den díobháil nó go gcuirfí tús leo arís agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

— SN Maia – Siderurgia Nacional S.A., an Phortaingéil

— CMC Poland SP. z o.o, an Pholainn

— Riva Acier S.A.S., an Fhrainc

Comhlachas Tháirgeoirí an Aontais

— Eurofer, an Bheilg

Táirgeoir i dtír ionadaíoch iomchuí

— CMC, Irving, Texas, SAM

([6]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2607.

1.10. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(23) An 17 Aibreán 2023, nocht an Coimisiún na bunfíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na dleachtanna frithdhumpála atá ann a choinneáil i bhfeidhm. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(24) Níor thug ach an t-iarratasóir barúlacha a thacaigh le torthaí agus conclúidí an Choimisiúin.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(25) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh, is iad sin barraí agus slata treisithe coincréite áirithe atá déanta as cruach iarainn nó neamh-chóimhiotail, gan aon saoirsiú déanta orthu thairis sin seachas gaibhniú, teo-rolladh, teo-tharraingt nó teas-easbhrú, bídís casta tar éis a rollta nó ná bídís, ina bhfuil eangacha, ribeanna, eiteoga nó dífhoirmiúcháin eile arna dtáirgeadh le linn an phróisis rollta, de thionscnamh na Bealarúise, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7214 10 00, ex 7214 20 00, ex 7214 30 00, ex 7214 91 10, ex 7214 91 90, ex 7214 99 10 agus ex 7214 99 95 ('an táirge faoi athbhreithniú'). Eisiatar barraí agus slata treisithe coincréite d'iarann nó de chruach ar d'fheidhmíocht ardtuirse iad. Eisiatar táirgí fada eile, ar nós barraí ciorclacha.

2.2. **An táirge comhchosúil**

(26) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh le himscrúdú an athbhreithnithe éaga sin gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla, mar aon leis na húsáidí bunúsacha, atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú,

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na tíre ionadaíche, agus

— an táirge a dhéanann tionscal an Aontais a tháirgeadh agus a dhíol san Aontas.

(27) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR LEIS AN DUMPÁIL NÓ GO gCUIRFEAR TÚS LÉI ARÍS

(28) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú lena fháil amach an leanfadh an Bhealarúis de bheith i mbun dumpála nó an rachadh sí i mbun dumpála arís de thoradh dhul in éag na mbeart atá i bhfeidhm.

3.1. **Réamhbharúlacha**

(29) De réir bhunachar sonraí Eurostat Comext, ba thart ar 206 200 tona san iomlán a bhí in allmhairí ón mBealarúis agus sciar thart ar 1.9 % den mhargadh acu le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is iad seo a leanas na príomh-Bhallstáit allmhairiúcháin: an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn. I gcomparáid leis an imscrúdú bunaidh, laghdaíodh allmhairí agus sciar den mhargadh níos mó ná faoina leath (i.e. 488 700 tona agus 5.0 % sciar den mhargadh).

(30) Mar a léirítear in aithris (20), níor chomhoibrigh an t-aon mhonaróir aitheanta de chuid na Bealarúise leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Bealarúise go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann leis an mBealarúis. Níor cuireadh aon bharúil faoi bhráid an Choimisiúin.

(31) Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, is ar na fíorais a bhí ar fáil a bunaíodh na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfadh den dumpáil nó go gcuirfí tús léi arís, go háirithe Eurostat, an bunachar sonraí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 14(6) den bhun-Rialachán ('bunachar sonraí Airteagal 14(6)'), an Global Trade Atlas ('GTA') agus an iarraidh.

(32) Cinneadh méid agus praghas na n-allmhairí ón mBealarúis ar bhonn na faisnéise a baineadh as bunachar sonraí Airteagal 14(6).

3.2. **Nós imeachta um an ngnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(7) den bhun-Rialachán**

(33) Mar a thugtar faoi deara i Roinn 1.6, i gcomhréir le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán, ó tharla nach bhfuil an Bhealarúis ina comhalta de EDT agus gur liostaítear í in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ba cheart an gnáthluach a chinneadh ar bhonn an phraghais nó an luacha ríofa i dtír ionadaíoch iomchuí.

(34) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún freagra ach ó aon táirgeoir amháin, atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá, chinn sé an gnáthluach a chinneadh ar bhonn na faisnéise a fuarthas ón táirgeoir sin i Stáit Aontaithe Mheiriceá, is é sin, ar bhonn phraghsanna iarbhír an táirgeora chomhoibríoch sin.

3.3. **Gnáthluach**

(35) Ar an gcéad dul síos, scrúdaigh an Coimisiún an raibh méid iomlán díolachán an táirge chomhchosúil ag an táirgeoir comhoibríoch le custaiméirí neamhspleácha i Stáit Aontaithe Mheiriceá ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Cuireadh méid iomlán na ndíolachán i Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcomparáid le méid iomlán na n-allmhairí ón mBealarúis isteach san Aontas, mar a tuairiscíodh i mbunachar sonraí Airteagal 14(6). Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún gur díoladh an táirge comhchosúil i gcainníochtaí ionadaíocha ar mhargadh Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(36) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún scrúdú maidir leis an táirgeoir comhoibríoch i Stáit Aontaithe Mheiriceá lena fháil amach an bhféadfaí a mheas go bhfuil gach cineál táirge chomhchosúil a dhíoltar ar bhonn intíre á dhíol sa ghnáthchúrsa trádála de bhun Airteagal 2(4) den bhun-Rialachán. Measadh go raibh na hidirbhearta díolachán brabúsach i gcás ina raibh an praghas aonaid cothrom leis an gcostas táirgthe nó os a chionn. Dá bhrí sin, cinneadh costas táirgthe gach cineáil táirge arna tháirgeadh ag an táirgeoir i Stáit Aontaithe Mheiriceá le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(37) Ós rud é go raibh breis agus 80 % de mhéid iomlán na ndíolachán intíre i gceist leis an méid a díoladh ar ghlanphraghas díola a bhí cothrom leis an gcostas táirgthe ríofa (costais mhonaraíochta móide SGA) nó os a chionn, bhí an gnáthluach bunaithe ar phraghas intíre iarbhír an táirgeora chomhoibríoch i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

3.4. **An praghas onnmhairiúcháin**

(38) Mar a léirítear in aithris (32), suíodh praghsanna onnmhairiúcháin ón mBealarúis ar bhonn luachanna allmhairiúcháin i mbunachair sonraí Airteagal 14(6), a ndearnadh iad a choigeartú de réir leibhéal an phraghais díreach ón mhonarcha. Chun na críche sin, bhí na costais iompair a asbhaineadh bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh.

3.5. **Comparáid**

(39) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus na praghsanna onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

3.6. **Corrlach dumpála**

(40) Léirigh an chomparáid corrlach dumpála ar fud na tíre le haghaidh onnmhairí na Bealarúise arna shloinneadh mar chéatadán de luach custaim an Aontais 41.1 %.

4. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL**

(41) I dtaca leis an toradh lenar cinneadh gur ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis, an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, agus tarraingteacht mhargadh an Aontais. Meabhraítear, i ngeall ar an neamh-chomhoibriú ó tháirgeoir onnmhairiúcháin na Bealarúise agus ó rialtas na Bealarúise, go raibh an anailís bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, go háirithe an fhaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú agus sa bhunachar sonraí staidrimh Global Trade Atlas ('GTA').

4.1. **Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis**

(42) Suíodh an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh.

(43) De réir na sonraí a soláthraíodh san iarraidh, arna gcros-seiceáil le foinsí poiblí, measadh gur mó ná 2.6 milliún tona barraí treisiúcháin an acmhainneacht táirgeachta do 2021 sa Bhealarúis agus go bhféadfaí 300 míle tona breise a chur léi, is é sin 3 mhilliún tona san iomlán ([7]). De réir na sonraí a bhí ar fáil, 1,7 milliún tona a bhí i ndíolacháin na Bealarúise, agus úsáideadh 700 míle díobh go hintíre agus onnmhairíodh thart ar 1 mhilliún díobh ([8]). Dá bhrí sin, measadh gur mó ná 900 000 tona an acmhainneacht bhreise, a raibh níos mó ná 8 % de thomhaltas an Aontais i gceist léi le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'fhéadfaí an acmhainneacht sin a úsáid chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh lena onnmhairiú chuig margadh an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag.

4.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(44) Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh, tá tionscal na mbarraí treisiúcháin sa Bhealarúis dírithe ar onnmhairí ós rud é go bhfuil thart ar 85 % d'acmhainneacht táirgeachta cruach na Bealarúise ceaptha le honnmhairiú. De réir bhunachar sonraí GTA, ba é margadh an Aontais an príomhmhargadh onnmhairiúcháin don Bhealarúis. Rinneadh amach go raibh praghsanna onnmhairiúcháin ón mBealarúis go tríú tíortha (EUR 551/tona) ar an meán EUR 10 in aghaidh an tona níos ísle i gcomparáid leis na meánphraghsanna díola onnmhairiúcháin chuig margadh an Aontais agus 15 % níos ísle ná meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais (EUR 651/tona). Agus na leibhéil praghsanna sin á chur san áireamh, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith i bhfad níos tarraingtí d'onnmhaireoirí na Bealarúise ná onnmhairiú chuig nach mór gach margadh eile. Thairis sin, ní raibh fáil níos mó ag an mBealarúis ar líon mór tíortha onnmhairiúcháin (i.e. SAM, Ceanada, an Ríocht Aontaithe, an Tuirc, an Úcráin, an Mhalaeisia, Meicsiceo, Maracó, tíortha na Murascaille, an Éigipt, agus tíortha eile), mar gheall ar rósholáthar intíre agus bearta trádála i gcoinne allmhairí ón mBealarúis.

(45) Bhí margadh an Aontais tarraingteach don táirgeoir sa Bhealarúis freisin i bhfianaise a ghaireachta geografaí agus a mhéid, agus tomhaltas iomlán thart ar 11 mhilliún tona aige.

(46) Dá bhrí sin, ó thaobh méid, praghsanna agus gaireachta de, bhí margadh an Aontais tarraingteach i gcónaí don táirgeoir onnmhairiúcháin sa Bhealarúis vis-à-vis margaí eile..

4.3. **Tionchar na smachtbhannaí ar an mBealarúis**

(47) Thug an Coimisiún faoi deara maidir leis seo de bharr fogha míleata ó Chónaidhm na Rúise in aghaidh na hÚcráine, gur chuir an Aontas pacáistí smachtbhannaí de réir a chéile in aghaidh na Rúise agus na Bealarúise a rinne difear freisin do tháirgí cruach agus/nó do na cuideachtaí cruach a tháirgeann agus a onnmhairíonn an táirge faoi athbhreithniú i ndiaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ó forchuireadh smachtbhannaí i mí an Mhárta 2022, cuireadh deireadh le hallmhairí ón mBealarúis ó mhí an Mheithimh 2022. Mar sin féin, ní féidir a mheas gur de chineál marthanach í an staid reatha. Go deimhin, ió tharla go bhfuil nasc idir na smachtbhannaí seo agus an fogha míleata agus an staid gheopholaitiúil fholuiteach, tá a raon feidhme, modhnúchán, agus/nó a ré neamh-intuartha. Thairis sin, bíonn saolré 5 bliana ag bearta frithdhumpála. I bhfianaise na neamhchinnteachtaí thuasluaite agus an fíoras go bhféadfadh an Chomhairle raon agus ré beacht na smachtbhannaí a leasú in aon am, shuigh an Coimisiún nach féidir tionchar a bheith acu ar a chonclúidí san imscrúdú seo. Go háirithe, shuigh an Coimisiún gur in ainneoin na smachtbhannaí atá ann faoi láthair, bhí gá le bearta fós de réir bhrí Airteagal 11(1) agus (2) den bhun-Rialachán.

4.4. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil**

(48) Léirigh an t-imscrúdú gur lean onnmhairí ón mBealarúis de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithniúcháin.

(49) Ina theannta sin, bhí an acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis suntasach i gcomparáid le tomhaltas an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, léirigh tarraingteacht mhargadh an Aontais ó thaobh méid agus praghsanna de gur dócha go mbeadh onnmhairí na Bealarúise dírithe ar mhargadh an Aontais, dá rachadh na bearta in éag, agus go n-úsáidfí an acmhainneacht bhreise freisin chun táirgeacht agus onnmhairí chuig an Aontas a mhéadú.

([7]) Táirgeoir onnmhairiúcháin: https://eng.belsteel.com/about/rolling-production.php

([8]) bunachar sonraí grúpa CRU, https://www.crugroup.com/

(50) Dá dhroim sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhór an dóchúlacht go rachadh líon onnmhairí dumpáilte an táirge faoi athbhreithniú ón mBealarúis chuig an Aontas go mór i méid dá rachadh na bearta frithdhumpála in éag.

(51) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfaí den dumpáil mar thoradh ar dhul in éag na mbeart frithdhumpála.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(52) Rinne thart ar 25 táirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad 'tionscal an Aontais' iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(53) Suíodh gur 11 200 000 tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithniúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn an fhreagra ar an gceistneoir maicreacnamaíoch a sholáthair an t-iarratasóir. Mar a léirítear in aithris (14) thuas, roghnaíodh trí tháirgeoir ón Aontas sa sampla a bhfuil níos mó ná 17 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu i gcás an táirge chomhchosúil.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(54) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn mhéid díolachán iomlán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais móide allmhairí iomlána isteach san Aontas. Fuarthas díolacháin thionscal an Aontais i margadh an Aontais ón iarratasóir agus coigeartaíodh iad i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le sonraí fíoraithe arna soláthar sna freagraí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais maidir le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithniúcháin. Maidir le hallmhairí, bhí an Coimisiún ag brath ar bhunachar sonraí Airteagal 14(6).

(55) Ar an mbonn sin, is mar seo a leanas a d'fhorbair tomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais (tonaí)	10 297 042	10 821 698	10 411 261	11 116 688
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*105*	*101*	*108*

Foinse: Bunachar sonraí Airteagal 14(6) agus freagraí ar an gceistneoir.

(56) Tháinig méadú 5 % ar thomhaltas an Aontais idir 2018 agus 2019, agus tháinig laghdú beag air in 2020 agus ansin tháinig méadú breise air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí luaineachtaí sa tomhaltas le linn 2020 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar thoradh ar ráig COVID-19 agus mar thoradh air sin tháinig laghdú ar ghníomhaíocht na n-oibreoirí eacnamaíocha, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar thomhaltas, agus gur tosaíodh arís ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha ina dhiaidh sin.

(57) Tháinig méadú 8 % ar thomhaltas an Aontais ar an iomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(58) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Airteagal 14(6). Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn an sciar de thomhaltas iomlán an Aontais a bhí ag na hallmhairí sin mar a leagtar amach in roinn 5.2.

(59) Is mar seo a leanas a d'fhorbair na hallmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 2

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón mBealarúis (tonaí)	[72 000 – 80 000]	[80 000 – 90 000]	[125 000 – 140 000]	[200 000 – 210 000]
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*107*	*172*	*268*
Sciar den mhargadh (%)	0,6 - 0,8	0,7 - 0,9	1 - 1,5	1,8 - 2,1
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*102*	*170*	*248*

Foinse: Bunachar sonraí Airteagal 14(6) agus freagraí ar an gceistneoir

(60) Tháinig méadú faoi dhó ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón mBealarúis le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 72 000 – 80 000 tona in 2018 go 200 000 – 210 000 tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léirigh sciar margaidh na n-allmhairí ón mBealarúis forbairt chomhchosúil leis an méid allmhairí agus tháinig méadú suntasach air gach bliain, ó 0.6 % - 0.8 % in 2018 go 1.8 % - 2.1 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3.2. *Meánphraghsanna onnmhairiúcháin ón mBealarúis*

(61) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn bhunachar sonraí Airteagal 14(6).

(62) Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghas ualaithe na n-allmhairí ón mBealarúis chuig an Aontas:

Tábla 3

Praghsanna allmhairí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An Bhealarúis (EUR/tona)	420 – 440	400 - 420	345 - 365	540 - 570
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*93*	*82*	*128*

Foinse: Bunachar sonraí Airteagal 14(6)

(63) Tháinig laghdú ar mheánphraghsanna na n-allmhairí ó 420 – 440 EUR/tona in 2018 go 345 – 365 EUR/tona in 2020, ach tháinig méadú air ina dhiaidh sin go dtí 550 – 570 EUR/tona i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, ba é 28 % an méadú idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, arb ionann é agus méadú 120 – 130 EUR in aghaidh an tona ar an bpraghas. Bhí an méadú foriomlán sin ar an bpraghas i gcomhréir le treocht praghais ghinearálta na mbarraí treisiúcháin i margadh an Aontais.

(64) Mar sin féin, bhí an meánphraghas allmhairiúcháin ón mBealarúis, ar leibhéal CAL, le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú níos ísle ná costas aonaid tháirgeoirí an Aontais mar a shonraítear thíos i Roinn 5.5.3.1 thíos.

5.3.3. *Sladghearradh praghais*

(65) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe trí chomparáid a dhéanamh idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe ar bhonn costais, árachais agus last-táille ('CAL'), arna choigeartú de réir costais iar-allmhairiúcháin ([9]) (lena n-áirítear an dleacht frithdhumpála) agus an meánphraghas díola ualaithe, arna choigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha, a bhí ag táirgeoirí sampláilte san Aontas agus arna ghearradh gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara san Aontas.

(66) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus léiríodh gur ghearr praghsanna allmhairiúcháin na Bealarúise 2.5 % - 3 % faoi praghsanna thionscal an Aontais. Cé is moite den dleacht frithdhumpála, shuigh an Coimisiún sladghearradh ar leibhéal 11.8 % - 12 %.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas an Bhealarúis**

(67) Ba ón Iorua, ón Rúis agus ón Tuirc den chuid is mó a bhí allmhairí barraí treisiúcháin ó thríú tíortha seachas an Bhealarúis.

(68) Is mar a leanas a d'fhorbair méid comhiomlánaithe na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna maidir le hallmhairí barraí treisiúcháin ó thríú tíortha eile:

Tábla 4

Méid na n-allmhairí agus sciar den mhargadh ó thríú tíortha eile

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an Iorua	Méid (tonaí)	91 685	91 068	150 285	148 780
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*99*	*164*	*162*
	Sciar den mhargadh (%)	0,9	0,8	1,4	1,3
	Meánphraghas (EUR/tona)	538	492	448	705
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*92*	*83*	*131*
An Tuirc	Méid (tonaí)	212 854	142 755	38 735	63 558
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*67*	*18*	*30*
	Sciar den mhargadh (%)	2,1	1,3	0,4	0,6
	Meánphraghas (EUR/tona)	481	458	381	488
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*95*	*79*	*102*
an Rúis	Méid (tonaí)	254 438	125 522	25 269	37 237
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*49*	*10*	*15*
	Sciar den mhargadh (%)	2,5	1,2	0,2	0,3

([9]) Suíodh costas iar-allmhairiúcháin ar leibhéal 2 % san imscrúdú bunaidh.

	Meánphraghas (EUR/tona)	503	464	414	625
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*92*	*82*	*124*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	190 092	129 870	44 444	206 013
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*68*	*23*	*108*
	Sciar den mhargadh (%)	1,8	1,2	0,4	1,9
	Meánphraghas (EUR/tona)	812	476	441	691
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*59*	*54*	*85*
Iomlán na dtríú tíortha seachas an Bhealarúis	Méid (tonaí)	749 069	489 216	258 732	455 588
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*65*	*35*	*61*
	Sciar den mhargadh (%)	7,3	4,5	2,5	4,1
	Meánphraghas (EUR/tona)	579	471	434	662
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*81*	*75*	*114*

Foinse: Bunachar sonraí Airteagal 14(6) agus freagraí ar an gceistneoir

(69) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí 4.1 % de thomhaltas an Aontais i gceist leis an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ó thríú tíortha seachas an Bhealarúis agus. Tháinig laghdú suntasach ar mhéid na n-allmhairí in 2020 agus tháinig méadú air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ach níor shroich sé leibhéal 2019, rud a d'fhág gur tháinig laghdú foriomlán ar a sciar den mhargadh, a raibh 3.2 pointe céatadáin i gceist leis, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 14 % ar mheánphraghas na n-allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí meánphraghas na n-allmhairí ó thríú tíortha seachas an Bhealarúis níos airde i gcomparáid le meánphraghas thionscal an Aontais (+ 2 %) agus níos airde i gcomparáid le meánphraghas na n-allmhairí ón mBealarúis (+ 17 % - 20 %).

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(70) Chuimsigh an measúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(71) Mar a luaitear in aithris (14), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(72) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí maicreacnamaíocha a sholáthair comhlachas tháirgeoirí an Aontais agus sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais atá i bhfreagraí deimhnithe ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte san an Aontas. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(73) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(74) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(75) Is mar seo a leanas a d'fhorbair táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid táirgeachta (tonaí)	11 029 000	11 814 000	11 204 000	11 201 000
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*107*	*102*	*102*
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	16 468 495	17 472 690	17 576 838	17 350 801
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*106*	*107*	*105*
Úsáid acmhainneachta (%)	67	68	64	65
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*101*	*95*	*96*

Foinse: Sonraí fíoraithe arna soláthar ag comhlachas tháirgeoirí an Aontais

(76) Ar an iomlán, tháinig laghdú 2 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mhéadaigh méid na táirgeachta 7 % idir 2018 agus 2019. Le linn phaindéim COVID-19 in 2020, tháinig laghdú 5 % ar an táirgeacht i gcomparáid le 2019 agus d'fhan sé mar an gcéanna le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(77) Tháinig laghdú 5 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú ar an úsáid acmhainneachta ó 67 % in 2018 go 65 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.2.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(78) Is mar seo a leanas d'fhorbair méid díolachán thionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	9 517 192	10 293 817	10 054 658	10 507 529
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*108*	*106*	*110*

Sciar den mhargadh (%)	92	95	96	94
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*103*	*105*	*102*

Foinse: Bunachar sonraí Airteagal 14(6) agus sonraí fíoraithe arna soláthar ag comhlachas tháirgeoirí an Aontais

(79) Tháinig méadú 10 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 8 % air idir 2018 agus 2019 agus ansin tháinig laghdú beag 2 % air in 2020, agus ansin tháinig méadú breise 4 % air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(80) Tháinig méadú beag 2 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 5 % air idir 2018 agus 2020, ach tháinig laghdú air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.2.3. Fás

(81) Ba é 8 % an fás ar thomhaltas san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhain tionscal an Aontais tairbhe as an méadú sin ar thomhaltas agus tháinig méadú beag 2 % fiú ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(82) Is mar seo a leanas a d'fhorbair an fhostaíocht agus an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Líon na bhfostaithe	5 507	6 159	5 999	5 557
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*112*	*109*	*101*
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	2 002	1 918	1 867	2 015
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*96*	*93*	*101*

Foinse: Sonraí fíoraithe arna soláthar ag comhlachas tháirgeoirí an Aontais

(83) Luanaigh an líon fostaithe a bhí ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 12 % air ó 2018 go 2019 agus tháinig laghdú air de réir a chéile in 2020 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go dtí leibhéal beagán os cionn leibhéal 2018. Tháinig laghdú 7 % ar tháirgiúlacht ó 2018 go 2020 agus tháinig méadú 8 % uirthi ó 2020 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig laghdú 1 % ar tháirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana

(84) Bhí an corrlach dumpála a suíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i bhfad níos airde ná an leibhéal *de minimis*, agus ba é 1.9 % de thomhaltas an Aontais leibhéal na n-allmhairí ón mBealarúis le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(85) Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas (EUR/tona)	508	469	424	651
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*92*	*83*	*128*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	477	438	410	578
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*92*	*86*	*121*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas

(86) Tháinig laghdú 17 % ar mheánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara idir 2018 agus 2020, rud a léiríonn an laghdú ar chostas aonaid na táirgeachta. I dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig méadú 45 % ar an bpraghas i ndáil le 2020. Ba é méadú ar chostas aonaid na táirgeachta agus méadú ar an éileamh tar éis an téarnaimh i ndiaidh phaindéim COVID-19 ba chúis leis an méadú ar phraghsanna.

(87) Leis na dleachtanna frithdhumpála atá ann faoi láthair, bhí tionscal an Aontais in ann leanúint de bheith iomaíoch leis an leibhéal praghsanna atá ann faoi láthair, ós rud é, mar a mhínítear in aithris (64)(64), go raibh costais aonaid tháirgeoirí an Aontais níos airde ná an meánphraghas allmhairiúcháin ón mBealarúis le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

5.5.3.2. Costais saothair

(88) Is mar seo a leanas d'fhorbair meánchostais saothair tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	41 477	41 434	40 137	42 622
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*97*	*103*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas

(89) Tháinig méadú 3 % ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí de chuid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú sealadach 3 % air in 2020, go príomha mar gheall ar an múchadh táirgeachta i ngeall ar phaindéim COVID-19.

5.5.3.3. Fardail

(90) Is mar seo a leanas d'fhorbair leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	186 048	181 490	170 626	193 376
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*98*	*92*	*104*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	10,2	9,6	9,6	9,7
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*94*	*93*	*95*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas

(91) Tháinig méadú 4 % ar fhardail le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(92) Is mar seo a leanas d'fhorbair brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí i gcás tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	8,4	5,0	4,9	15,3
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*60*	*58*	*183*
An sreabhadh airgid (EUR)	77 870 905	63 476 067	41 354 068	109 174 968
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*82*	*53*	*140*
Infheistíochtaí (EUR)	21 227 319	15 647 296	17 870 081	18 838 367
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*74*	*84*	*89*
An toradh ar infheistíochtaí (%)	102	69	51	215
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*68*	*50*	*211*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas

(93) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tháinig laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais idir 2018 agus 2020 ó 8.4 % go 4.9 %, agus tháinig méadú géar ina dhiaidh sin uirthi idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chun 15.3 % a shroicheadh. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar a míníodh leis an téarnamh eacnamaíoch tar éis COVID-19, bhí an tionscal in ann a phraghsanna a mhéadú ag ráta níos airde ná an méadú ar chostas táirgthe, rud a d'fhág go raibh brabúsacht mhéadaithe ann. Leis na dleachtanna frithdhumpála atá ann faoi láthair, bhí tionscal an Aontais in ann filleadh ar staid ghnó shláintiúil. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais níos airde ná an spriocbhrabús a socraíodh le linn an imscrúdaithe bunaidh (4.8 %).

(94) Léirigh an t-imscrúdú go raibh imthosca eisceachtúla mar shaintréith de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a bhaineann le ráig phaindéim COVID-19, agus téarnamh tapa eacnamaíoch ina dhiaidh sin. Go háirithe in 2020, bhí ar mhargadh barraí treisiúcháin an Aontais aghaidh a thabhairt ar chorraíl mhór mar gheall ar COVID, le luaineachtaí eisceachtúla. Le linn an chéad leath de 2020, cuireadh stop sealadach leis an táirgeadh mar gheall ar an easpa orduithe. Ag céim níos déanaí, sa dara leath de 2020 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig feabhas ar bhrabúsacht tháirgeoirí barraí an Aontais, toisc gur lean an t-éileamh de bheith ag téarnamh níos tapúla ná mar a bhíothas ag súil leis. I ndáil leis an méid sin, ba dhócha gur de chineál sealadach a tháinig feabhas ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ós rud é gurbh é ba chúis leis den chuid is mó méadú an-tapa agus láidir ar an éileamh as ar eascair leibhéil praghsanna níos airde.

(95) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig méadú 40 % ar an treocht maidir le glansreabhadh airgid mar gheall ar bhrabúsacht ach ar ráta níos ísle, rud a léiríonn tionchar dearfach na ndleachtanna frithdhumpála agus imthosca eisceachtúla i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a dtugtar tuairisc orthu in aithris (94).

(96) Tháinig laghdú 11 % ar an leibhéal infheistíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(97) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig laghdú air idir 2018 agus 2020 ó 102 % go 51 % agus tháinig méadú mór air idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, tháinig méadú faoi dhó ar an toradh ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(98) Tháinig forbairt dhearfach ar fhormhór na dtáscairí díobhála, mar shampla, méid díolachán an Aontais, sciar den mhargadh, fostaíocht, brabúsacht agus sreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé go raibh treocht na dtáscairí, mar shampla, stoic deiridh agus infheistíochtaí diúltach le linn na tréimhse sin, tá a leibhéil iomlána sásúil agus níor léirigh siad, dá bhrí sin, go raibh díobháil ábhartha ann.

(99) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tháinig tionscal an Aontais chuige féin agus nár bhain díobháil ábhartha dó de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **AN DÓCHÚLACHT GO gCUIRFEAR TÚS ARÍS LEIS AN DÍOBHÁIL**

(100) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (99) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh dóchúlacht ann go dtarlóidh an díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón mBealarúis ba chúis léi dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

(101) Chun a shuí an dócha go dtarlóidh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ba chúis léi ar dtús, scrúdaigh an Coimisiún an méid seo a leanas: (i) acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis; agus (ii) leibhéil phraghais dhóchúla allmhairí ón mBealarúis agus a dtionchar ar staid thionscal an Aontais, i gcás ina ligfeadh do na bearta dul in éag.

6.1. **Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis**

(102) Mar a léirítear in aithris (49) thuas, measadh gur mó ná 900 000 tona an acmhainneacht bhreise sa Bhealarúis, arbh ionann í agus níos mó ná 8 % de thomhaltas an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'fhéadfaí an acmhainneacht bhreise sin a úsáid chun margadh an Aontais a sholáthar dá ligfí do na bearta reatha dul in éag.

6.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais, leibhéil phraghais dhóchúla allmhairí ón mBealarúis agus a dtionchar ar staid thionscal an Aontais, i gcás ina rachadh na bearta in éag.**

(103) Mar a shuitear in aithrisí (44) go (46), i dtéarmaí méid, praghsanna agus gaireachta, bhí margadh an Aontais tarraingteach i gcónaí do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Bealarúise.

(104) Rinne an Coimisiún anailís ar leibhéal praghsanna allmhairí na Bealarúise isteach san Aontas. In éagmais dleachtanna frithdhumpála, bhí meánphraghsanna ualaithe allmhairí na Bealarúise i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí allmhairí ón mBealarúis ([10]) 13 % go 15 % níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais. Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithrisí (64) agus (87), bhí leibhéal praghsanna allmhairí na Bealarúise níos ísle fós ná costas táirgthe an Aontais. Dá bhrí sin, is dócha, dá ligfí do na bearta dul in éag, go mbeadh margadh an Aontais níos tarraingtí fós don Bhealarúis.

(105) Ar an gcaoi chéanna, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-allmhairí amach anseo ar staid thionscal an Aontais, mheas an Coimisiún freisin go mbeadh leibhéil praghsanna onnmhairí na Bealarúise go tríú margaí ina tháscaire réasúnta ar na leibhéil praghsanna a bheidh ann amach anseo do mhargadh an Aontais.

(106) Mar a leagtar amach in aithris (44) thuas, rinne an Coimisiún anailís ar leibhéal praghsanna onnmhairí na Bealarúise chuig tríú margaí agus fuair sé go raibh na praghsanna onnmhairiúcháin sin i bhfad níos ísle i gcomparáid le praghsanna thionscal an Aontais (15 %). Dá bhrí sin, tá margadh an Aontais, ó thaobh praghsanna de, an-tarraingteach i gcónaí do tháirgeoirí na Bealarúise.

(107) I bhfianaise an mhéid thuas, agus dá mbeadh orthu aghaidh a thabhairt ar mhéadú ar allmhairí ar phraghas íseal ón mBealarúis, bheadh ar tháirgeoirí an Aontais a bpraghsanna a laghdú chun méideanna díolachán agus sciartha margaidh a choinneáil. Bheadh tionchar aige sin ar bhrabúsacht fhoriomlán an tionscail, rud a rachadh in olcas.

(108) Ar an taobh eile, dá gcoinneodh tionscal an Aontais a leibhéil reatha praghsanna, bheadh tionchar diúltach, beagnach láithreach, aige sin ar a mhéid díolachán agus táirgeachta chomh maith lena sciar den mhargadh. Thairis sin, dá dtiocfadh laghdú ar an méid táirgeachta, thiocfadh méadú ar chostais ítime na táirgeachta i ngeall ar shocair laghdaithe barainneachta scála. Chuirfeadh sé sin meath breise ar bhrabúsacht thionscal an Aontais. Le caillteanas brabúsachta, ní bheadh tionscal an Aontais in ann na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh. I ndeireadh na dála, d'fhágfadh sé sin go gcaillfí fostaíocht agus go ndúnfaí línte táirgeachta.

(109) Tá tionchar ag na pacáistí smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise ar an táirge faoi athbhreithniú, áfach, mar a luaitear in aithris (47), ní féidir a mheas gur de chineál marthanach í an staid reatha. Chinn an Coimisiún nach bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a chonclúidí san imscrúdú seo.

6.3. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go gcuirfí tús arís leis an díobháil.**

(110) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ón mBealarúis ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa na mbeart agus gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(111) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

([10]) Dá gcuirfí 2 % den chostas iar-allmhairiúcháin san áireamh, bheadh an difríocht praghais 11.8 % - 12 % mar a leagtar amach in aithris (66).

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(112) Mar a luaitear in aithris (99), tá tionscal an Aontais tar éis téarnamh ón díobháil a rinneadh de bharr dumpála roimhe seo. Dá ligfí do na bearta reatha dul i léig, is dócha go mbeidh iomaíocht éagórach mhéadaithe ó tháirgeoirí na Bealarúise i ndán do thionscal an Aontais, agus is dócha go gcuirfeadh sé sin stad le téarnamh leanúnach thionscal an Aontais.

(113) Dá bhrí sin chinn Coimisiún go rachadh sé chun leas thionscal an Aontais leanúint de na bearta a choinneáil i bhfeidhm

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhghaolmhara.**

(114) Mar a luaitear in aithris (15), níor tháinig aon allmhaireoir chun cinn tar éis fhoilsiú an Fhógra tionscnaimh ná le linn an imscrúdaithe. Cé nach bhféadfadh a chur as an áireamh go raibh drochthionchar ag forchur na mbeart ar a gcuid gníomhaíochtaí, ní raibh allmhaireoirí ag brath ar an mBealarúis agus d'fhéadfaí an táirge atá faoi athbhreithniú a fhoinsiú ó thíortha eile mar shampla an Iorua agus an Tuirc. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann ó thaobh na n-allmhaireoirí de gan síneadh a chur leis na bearta atá ann cheana.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(115) Níor tháinig aon úsáideoir chun cinn tar éis fhoilsiú an Fhógra tionscnaimh agus le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, ní raibh aon chosúlacht ann nach raibh an chonclúid ar thángthas uirthi san imscrúdú bunaidh bailí a thuilleadh, ([11]) agus dá gcoinneofaí na bearta ar bun gur mhó tionchar diúltach ná tionchar dearfach a bheadh ar na húsáideoirí.

7.4. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(116) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann lena chinneadh nach raibh sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí barraí treisiúcháin de thionscnamh na Bealarúise a choinneáil.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(117) Ar bhonn na gconclúidí ón gCoimisiún maidir le leanúint den dumpáil nó maidir lena hatarlú, nó maidir le hatarlú na díobhála agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála ar allmhairí barraí treisiúcháin ón mBealarúis a choinneáil ar bun.

(118) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratrom) 2018/1046 ([12]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(119) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([11]) Ar an iomlán, ní raibh aon chúis láidir ann i gcoinne fhorchur beart ar allmhairí an táirge lena mbaineann ón mBealarúis

([12]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí barraí agus slat treisithe coincréite áirithe atá déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail, gan aon saoirsiú déanta orthu thairis sin seachas gaibhniú, teo-rolladh, teo-tharraingt nó teas-easbhrú, bídís casta tar éis a rollta nó ná bídís, ina bhfuil eangacha, ribeanna, eiteoga nó dífhoirmiúcháin eile arna dtáirgeadh le linn an phróisis rollta, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7214 10 00, ex 7214 20 00, ex 7214 30 00, ex 7214 91 10, ex 7214 91 90, ex 7214 99 10 agus ex 7214 99 95 (cóid TARIC 7214 10 00 10, 7214 20 00 20, 7214 30 00 10, 7214 91 10 10, 7214 91 90 10, 7214 99 10 10, 7214 99 95 10) agus ar de thionscnamh na Bealarúise iad. Eisiatar barraí agus slata treisithe coincréite d'iarann nó de chruach ar d'fheidhmíocht ardtuirse iad. Eisiatar táirgí fada eile, ar nós barraí ciorclacha.

2. 10,6 % a bheidh sa dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1.

3. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN